Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/2019(DEC)

21.2.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag
(2024/2019(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur croíluachanna de chuid an Aontais Eorpaigh iad comhionannas inscne agus díothú neamhionannais mar a chumhdaítear in Airteagal 2 de Chonradh an Aontais Eorpaigh; de bhrí gur ceann de na luachanna bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas idir mná agus fir agus go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhionannas inscne a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí uile mar a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ag bunú ar an mbealach sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne agus an bhuiséidithe inscne, agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí gur threisigh an Coimisiún Eorpach a thiomantas i bhfabhar Aontas an Chomhionannais, arna léiriú sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, lena seoltar Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

C. de bhrí go ndéanfaidh an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 iarracht go sonrach cuimsiú na mban a mhéadú i réimsí staidéir agus gairmeacha digiteacha agus ETIM, lena n-áirítear mar fhiontraithe; de bhrí gur cheart go n-éascódh sásraí maoiniúcháin amach anseo an cuimsiú méadaithe seo de mhná agus de chailíní;

D. de bhrí, de réir an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta, go raibh agus go bhfuil cuspóirí chlár Daphne ábhartha do na riachtanais óna mbunús, i.e. leanaí, daoine óga agus mná a chosaint ar fhoréigean agus é a chosc;

E. de bhrí go bhféadfaí feabhas a chur ar chur chuige an Aontais maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn trína chuid beartas, reachtaíochta agus sásraí maoiniúcháin; de bhrí gur iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún arís agus arís eile úsáid an phríomhshruthaithe inscne, lena n-áirítear buiséadú inscne agus measúnuithe tionchar inscne, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais;

F. de bhrí gur imir iarmhairtí fhrithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban tionchar diúltach ar an gcomhionannas inscne san Aontas, go háirithe i réimsí sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) i roinnt Ballstát; de bhrí go bhfuil cosaint agus cur chun cinn sláinte agus cearta atáirgthe (SRHR) fíor-riachtanach chun comhionannas inscne iomlán a bhaint amach agus chun neamhspleáchas na mban a ráthú thar a gcoirp féin; de bhrí go bhfuil gluaiseachtaí frith-inscne agus gluaiseachtaí frith-ghinmhillte san Eoraip ag éirí níos glóraí agus gur mó an tionchar atá acu; de bhrí go bhfuil na gluaiseachtaí seo dea-mhaoinithe agus dea-eagraithe, agus is dócha go gcuirfidh siad níos mó brú ar chearta na mban amach anseo; de bhrí go dtéann géarchéimeanna leanúnacha eile, amhail an ghéarchéim aeráide, coinbhleachtaí armtha agus an costas maireachtála atá ag ardú, i bhfeidhm go díréireach ar mhná; de bhrí go mbíonn sé d'éifeacht ag na tosca seo neamhionannais a dhéanamh níos measa agus go

gcuireann siad bac ar dhul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne;

G de bhrí nach gcumhdaítear comhionannas inscne amháin le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ach go gcosnaítear dínit an duine agus go gcuirtear cosc ar gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar chlaonadh gnéasach agus ar fhéiniúlacht inscne;

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an easpa béime i mbuiséad an Aontais ar mhná agus ar chailíní a chosaint ar fhoréigean; á chur in iúl gur oth léi an easpa sonraí dí-chomhiomlánaithe ar fhoréigean inscne-bhunaithe agus á thathaint go gcuirfí chun feidhme go cuí agus go pras Airteagal 44 den Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chomhrac[1]; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar a indéanta a bheadh sé na sonraí a bhailítear a mhéadú agus a fheabhsú, go háirithe chun cionta athfhillteacha nó intuartha a chosc, a luaithe is féidir agus in aon chás in aon reachtaíocht agus athbhreithnithe nua; á thathant go ndéanfar measúnuithe tionchair inscne éigeantacha a bheidh dírithe go sonrach ar chosaint ar fhoréigean chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart i ngníomhartha reachtacha ábhartha;

2. á chur i bhfáth gur cheart gné an chomhionannais inscne a chur san áireamh agus a áirithiú i ngach réimse beartais, go háirithe i bhfianaise na n-éifeachtaí iomadúla i dtaobh inscne atá ag na géarchéimeanna éagsúla aeráide, fuinnimh agus sóisialta atá ann faoi láthair, agus béim a leagan ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) agus na frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban i roinnt Ballstát agus ar fud an domhain; á iarraidh an athuair go gcuirfí buiséadú inscne chun feidhme ag gach céim den phróiseas buiséadach;

3. á thabhairt chun suntais gur gá buiséad leordhóthanach a leithdháileadh ar bhearta chun fóibe faoi dhaoine LADTIA+ a chomhrac, amhail línte teileafóin le haghaidh comhairleoireachta agus aird, de bharr na géarleanúna atá á fulaingt ag daoine LADTIA+;

4. ag aithint ghealltanas an Aontais maidir le hinscne a príomhshruthú agus maidir leis an ngá díriú tuilleadh ar fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní san Aontas a chomhrac, chomh maith le húsáid feachtais faisnéise; á mheabhrú go bhfulaingíonn bean amháin as gach triúr san Aontas foréigean inscne le linn a saoil, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach agus síceolaíoch nó bagairtí foréigin[2]; á chur i bhfáth gur gá a athdhearbhú go bhfuil an éigniú fós ar cheann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine agus gur gá go mbunófaí go práinneach sainmhíniú coiteann ar éigniú ar bhonn easpa toilithe ar an leibhéal Eorpach le smachtbhannaí íosta comhchoiteanna sna dlíthe náisiúnta; á athdhearbhú nach mór gach gnéas neamhthoiliúil a aicmiú mar éigniú i ngach Ballstát den Aontas;

5. á athdhearbhú gur cearta bunúsacha daonna iad sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR), agus gur gné bhunúsach de dhínit an duine iad a réadú agus gur réamhriachtanas é chun comhionannas inscne a bhaint amach; á iarraidh go ndéanfaí iarracht láidir ar an leibhéal Eorpach chun ár mbunluachanna a chosaint, amhail cearta

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401385
[2] https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/eu-gender_based_violence_survey_key_results.pdf

comhionanna ar neamhspleáchas coirp agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear ginmhilleadh atá sábháilte agus dlíthiúil; á chur i bhfáth gur gá leithdháiltí buiséadacha a thacaíonn le hurraim uilíoch ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus rochtain ar na cearta sin a threisiú, lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh atá saor in aisce, sábháilte agus dlíthiúil agus ar sheirbhísí sláinte atáirgthe fíor-riachtanacha eile;

6. á chur in iúl gur geal léi forbairt agus cur chun feidhme na modheolaíochta buiséadaithe inscne; ag athdhearbhú an gá atá le tuilleadh forbartha a dhéanamh agus a fheidhmiú a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfaí bailiú, tuairisciú agus meastóireacht fheabhsaithe ar shonraí inchomparáide atá dí-chomhiomlánaithe inscne i gcomhthéacs bheartais ábhartha uile an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún caitheamh leis seo mar thosaíocht;

7. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar rioscaí airgeadais de bharr chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a thionchar ar mhná; ag aithint seasamh leochaileach na mban i gcomhthéacs cogaidh agus i limistéir choinbhleachta agus tosaíocht a thabhairt do bheartais a chosnaíonn leanaí, mná agus teaghlaigh go háirithe maidir le cúnamh a sholáthar i gcásanna coinbhleachta agus rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte, lena n-áirítear frithghiniúint éigeandála, tástáil le haghaidh ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, cóireáil próifiolacsas iarnochta agus rochtain ar chúram ginmhillte atá sábháilte agus dlíthiúil; ag cáineadh foréigean inscne-bhunaithe a bhaineann le coinbhleacht, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus éigniú mar arm cogaidh; á iarraidh go ndéanfaí mná a chosaint agus go dtacófaí leo, lena n-áirítear gáinneáil agus teacht i dtír gnéasach a chosc go háirithe maidir le cúnamh a sholáthar i gcásanna coinbhleachta agus rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte, lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh atá sábháilte agus dlíthiúil;

8. á mheabhrú go bhfuil rannpháirtíocht sa mhargadh saothair i bhfad níos ísle i measc ban agus fear faoi mhíchumas i gcomparáid leo siúd nach bhfuil; á iarraidh go gcuirfí bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo i bhfeidhm;

9. ag tacú le sprioc Thionscnamh Spotsolais na Náisiún Aontaithe chun deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí leochaileacha amhail íospartaigh cleachtas díobhálach amhail ciorrú ball giniúna ban nó pósadh leanaí agus á chur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le mná LADTIA+ a áireamh sna bearta sin; ag tathant ar an gCoimisiúin deireadh a chur leis an maoiniú do ghluaiseachtaí laistigh agus lasmuigh den Aontas a rannchuidíonn le leatrom na mban de gach cineál, lena n-áirítear feachtasaíocht i gcoinne cearta bunúsacha, amhail cearta na mban agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feachtais mhúscailte feasachta a neartú i gcoinne an fhoréigin agus an idirdhealaithe inscne-bhunaithe, lena n-áirítear go sainráite iarrachtaí oideachais chun fóibe faoi dhaoine LADTIA+ a chomhrac agus chun cearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn; á iarraidh go ndéanfaí cláir oideachais gnéasachta agus chaidrimh atá cuimsitheach agus a bheidh oiriúnach d'aois a chuireann comhionannas inscne, toiliú agus meas ar an éagsúlacht chun cinn sna Ballstáit uile;

10. á iarraidh go bhfreastalófar ar bhealach níos fearr i mbuiséad an Aontais ar mhná a bhfuil, faoi láthair, deiseanna teoranta acu le haghaidh malartuithe le daoine eile agus le forbairt inniúlachta, mar shampla, trí chláir mheantóireachta nó trí ghréasáin ghairmiúla

ó gach earnáil den gheilleagar Eorpach;

11. á mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 11.2 CAE, nach mór d'institiúidí an Aontais idirphlé oscailte, trédhearcach agus struchtúrtha a choinneáil ar bun le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhlachais ionadaíocha agus á chur i bhfáth go láidir ina leith sin gur réamhriachtanas é rath an mhaoinithe struchtúraigh chun rannpháirtíocht phoiblí a áirithiú agus dá uireasa nach mbeadh sé indéanta do shaoránaigh a nguth a chur ar leibhéal an Aontais trína gcumainn ionadaíocha, idirphlé rialta a choinneáil ar bun le hinstitiúidí an Aontais lena rannchuidítear le rannpháirtíocht dhaonlathach i gceapadh beartas agus le hidirphlé oscailte agus fadréimseach, lena n-áirithítear go dtabharfar éagsúlacht na dtuairimí agus na n-ábhar imní chun cuntais le rochtain chomhionann ar mhaithe le leas an phobail i gcomparáid le leas tráchtála, ról faireacháin a fheidhmiú ar chur chun feidhme bheartais agus reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear úsáid chistí an Aontais nó gníomhú mar shrianta agus ceartúcháin ar an smacht reachta; ag meabhrú gealltanas an Choimisiúin ina threoirlínte polaitiúla dlús a chur lena rannpháirtíocht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil saineolas agus ról tábhachtach acu maidir le saincheisteanna sonracha sochaíocha a chosaint agus le cearta an duine a chosaint, rud a fhágann, cé nár cheart don Choimisiún sainordú a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha gníomhaíochtaí áirithe a shaothrú nó tacú le seasaimh nó beartais shonracha, go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí gur féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, trí chistiú ón Aontas, dul i mbun 'idirphlé oscailte, trédhearcach agus struchtúrtha le hinstitiúidí an Aontais' mar a chumhdaítear in Airteagal 11 CAE trí ghníomhaíochtaí amhail gníomhaíochtaí abhcóideachta, léirsithe nó gníomhaíochtaí breithiúnacha agus gur cheart go mbeidís sin incháilithe i gcónaí sna cláir chistiúcháin ábhartha agus go mbeadh cistiú tiomnaithe leordhóthanach ar fáil dóibh;

12. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go sroichfidh cistí uile an Aontais na faighteoirí atá beartaithe dóibh, agus go n-áiritheofar nach ndéantar aon mhaoiniú AE a leithdháileadh ná a nascadh le haon chúis nó cineál sceimhlitheoireachta, a mbeadh iarmhairtí tubaisteacha aige do mhná agus do chailíní;

13. á iarraidh go mbeidh creat maoinithe chobhsaí ann chun éifeachtacht agus inbhuanaitheacht Chlár Daphne a áirithiú, chun tacú le cosaint ban agus leanaí ar an bhforéigean. ag moladh éifeachtúlacht chlár Daphne, amhail na haschuir agus na tionchair shuntasacha, i gcomparáid leis na hacmhainní measartha a leithdháiltear; ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá sé líne sonrach buiséid a thiomnú do Thionscnamh Daphne chun infheictheacht, trédhearcacht agus cuntasacht i ndáileadh cistí a mhéadú, go háirithe trí bhearta atá dírithe ar gach cineál agus leibhéal d'fhoréigean inscne-bhunaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní agus an fhoréigin teaghlaigh a chomhrac agus chun tacaíocht chuí a thabhairt d'íospartaigh; á aithint gurb é aidhm Daphne leanaí, daoine óga agus mná a chosaint ar gach cineál foréigin agus gáinneála, agus ardleibhéal cosanta sláinte, folláine agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach; chuige sin, ag tathant ar an Aontas an clár a mheas mar thosaíocht laistigh de bhuiséad an Aontais;

14. á iarraidh go gcruthófar clár sonrach laistigh de chreat maoinithe Daphne chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean i gcoinne ban LADTIA+, lena n-áirítear dídean sábháilte a sholáthar, rochtain ar sheirbhísí tacaíochta atá saincheaptha dá riachtanais, agus a sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chosaint.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cáil mar rapóirtéir, faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	18.2.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 27 –: 10 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Mireia Borrás Pabón, Irmhild Boßdorf, Mélissa Camara, Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Elisabeth Dieringer, Rosa Estaràs Ferragut, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Chiara Gemma, Assita Kanko, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Elena Kountoura, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Irene Montero, Carolina Morace, Maria Noichl, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Marko Vešligaj, Maria Walsh, Lucia Yar
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Elena Donazzan, Loucas Fourlas, Elisabeth Grossmann, Jana Toom
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Gabriella Gerzsenyi, Nikos Papandreou

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

27	+
PPE	Loucas Fourlas, Gabriella Gerzsenyi, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Maria Walsh
Renew	Abir Al-Sahlani, Valérie Devaux, Jana Toom, Lucia Yar
S&D	Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Maria Noichl, Nikos Papandreou, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Marko Vešligaj
An Chlé	Elena Kountoura, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

10	-
ECR	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Assita Kanko, Laurence Trochu
ESN	Irmhild Boßdorf
NI	Judita Laššáková
TdE	Mireia Borrás Pabón, Elisabeth Dieringer, Sebastian Kruis, Margarita de la Pisa Carrión

1	0
PPE	Rosa Estaràs Ferragut

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh